

Chuig: **Institiúdí Teicneolaíochta agus Boird Oiliúna Oideachais**

**Imlitir 0062/2014**

## **Cur i bhFeidhm Socruithe Pinsean d'fhostaithe Páirtaimseartha mar atá leagtha amach in Imlitir 25/2008**

### **Réamhrá**

1. Is é cuspóir na hImlitreach seo ná cur síos a dhéanamh ar na céimeanna a chaithfidh Boird Oiliúna agus Oideachais agus Institiúdí Teicneolaíochta a ghlacadh ag an am seo chun críoch a chur leis na Socruithe Leasaithe d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a bhfuil cur síos orthu in Imlitir 0025/2008. Toisc nár cloíadh leis na teorainneacha ama a leagadh amach san imlitir sin tá cur síos ar theorainneacha ama leasaithe anseo a gcaithfear cloí leo faoi **31 Márta 2016** ar a dhéanaí.
2. Tá an bonn reachtúil don rochtain ar scéimeanna pinsean d'fhostaithe páirtaimseartha ar fáil san Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001 le héifeacht ó 20 Nollaig 2001. In Imlitir 0025/2008 tugadh le fios go raibh, de réir théarmaí Imlitir 20/2005 na Roinne Airgeadais, sé á éileamh ag an Roinn Airgeadais agus Eolaíochta go mbeadh comparadóir cuí lánaimseartha ag an bhfostaí páirtaimseartha agus rinneadh an riachtanas maidir le híosthairseach ainmnithe a tharscaoileadh. Leanann an coinníoll maidir le fostaí lánaimseartha inchomparáide sa rannán céanna (atá mar bhall den scéim pinsean). Tá foráil in Alt 9 (1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001, go dtarlóidh, faoi réir ag coinníollacha áirithe, *“nach bpléifear i gcás oibrí páirtaimseartha, maidir lena c(h)oinniollacha fostaíochta, ar bhealach nach mbeidh chomh fábharach le fostaí lánaimseartha inchomparáide.”* Déantar fostaí lánaimseartha inchomparáide a shainmhíniú in Alt 7 den Acht.
3. Imlitir 0025/2008 – Leasú Pinsean sa tSeirbhís Phoiblí. Sna leasuithe ar shocruithe d'fhostaithe áirithe sa tseirbhís phoiblí dar dáta 21 Bealtaine 2008, rinneadh cur síos ar roinnt de na roghanna a bhí le hofráil d'fhostaithe/d-iarfhostaithe de CGO agus d'Institiúidí Teicneolaíochta a bhí ag feidhmiú ar nó roimh 21 Bealtaine 2008.
4. Níor cuireadh na roghanna in Imlitir 0025/2008 ar fáil don uile fhostaí páirtaimseartha incháilithe sa tseirbhís phoiblí in Institiúdí Teicneolaíochta agus i mBoird Oiliúna Oideachais (CGO mar a bhí). Caithfear na roghanna seo a chur ar fáil láithreach d'fhostaithe páirtaimseartha/d'fhostaithe ar scor a bhí ag feidhmiú ar nó roimh 21 Bealtaine 2008 agus nár tugadh rogha dóibh roimhe seo faoi Imlitir 0025/2008 mar atá luaite san imlitir sin.
5. Rinneadh foráil in Imlitir 0025/2008 go bhfuil ballraíocht i Scéim Aoisliúntais na nGairm-Mhúinteoirí agus i Scéim Aoisliúntais an Earnáil Oideachais éigeantach don

uile fhostaí páirtaimseartha atá incháilithe don bhallaíocht agus a ceapadh ar nó i ndiaidh 21 Bealtaine 2008 agus roimh 1 Eanáir 2013<sup>1</sup>. Clúdaíonn incháilíocht an riachtanas go mbeadh comparadóir cuí lánaimseartha ag an bhfostaí páirtaimseartha san earnáil chéanna agus gur post inphinsin atá sa phost.

6. Déanann Cuid A d’Imlitir 0025/2008 cur síos ar incháilíocht agus ar fheidhmiú Suimeáil Pro Rata. Déanann Cuid B d’Imlitir 0025/2008 cur síos ar an rochtain ar an scéim pinsin. Caithfear na roghanna faoi Imlitir 0025/2008 mar atá i dtéarmaí na hImlitreach seo a ofráil do gach fostaí incháilithe páirtaimseartha/fostaí incháilithe ar scor a cháilíonn don Suimeáil Pro Rata a chur i bhfeidhm mar atá i gCuid A d’Imlitir 0025/2008 agus/nó a cháilíonn don rochtain ar Scéim Aoisliúntais na nGairm-Mhúinteoirí nó ar Scéim Aoisliúntais an Earnáil Oideachais mar atá i gCuid B d’Imlitir 0025/2008 agus nár cuireadh rogha ar fáil dóibh cheana faoi Imlitir 0025/2008.
7. Tá leasú déanta ar Alt 22 d’Imlitir 0025/2008 chun a chur in iúl go mbaineann Imlitir 11/2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcásanna bás i seirbhís/drochshláinte.
8. Tá leasú déanta ar alt 56 d’Imlitir 0025/2008 agus an abairt bhreise seo curtha isteach ag deireadh an ailt “Más scéim chomhordaithe atá i scéim phinsin an Oifigigh, ní tharlóidh aon athrú ar an stádas ÁSPC nuair a fhaightear conradh tréimhse éiginnte.”
9. Tá an scála ama bunaidh chun na roghanna in Imlitir 0025/2008 a ofráil thart. Seo a leanas scála ama nua don ofráil ar roghanna ó Imlitir 0025/2008:
  - Caithfear an Imlitir seo, an fhoirm roghanna maidir le hImlitir 0025/2008 a chur ar fáil chomh luath agus is féidir tar éis eisiúint na hImlitreach seo d’aon fhostaí, d’aon iarfhostaí nó d’aon fhostaí atá ar scor, nach bhfuair rogha cheana féin faoi Imlitir 0025/2008 agus go mb’fhéidir go gcáilíonn siad don Suimeáil Pro Rata a chur i bhfeidhm nó don rochtain ar an scéim pinsin faoi théarmaí na hImlitreach seo.
  - Beidh trí mhí ag an bhfostaí/iarfhostaí ón uair a fhaightear an Imlitir seo chun roghnú isteach sna socrúithe leasaithe seo nó mionríomhanna ar a t(h)eidlíochtaí faoi na socrúithe atá ann faoi láthair agus faoi na socrúithe leasaithe a éileamh.
  - Cuirfidh an BOO/IT mionríomhanna ar fáil laistigh de thrí mhí ó am an iarratais ó fhostaí/iarfhostaí.
  - Beidh mí amháin ag an bhfostaí/iarfhostaí ón dáta a fhaightear na mionríomhanna chun a rogha a chur i bhfeidhm maidir le dul isteach sna socrúithe leasaithe.
  - Muna bhfreagraíonn an fostaí/iarfhostaí laistigh de na teorainneacha ama atá **leagtha amach thuas**, feidhmeoidh an socrú pinsin a bhí ann ar dtús.
10. Má roghnaíonn an fostaí/iarfhostaí dul isteach sna socrúithe leasaithe caithfear na ‘cúl’ ranníocaíochtaí mar atá leagtha amach in alt 37(a) d’Imlitir 0025/2008 a íoc. Seo a leanas na teorainneacha ama don íocaíocht ar na ‘cúl’ ranníocaíochtaí:

---

<sup>1</sup> Tá fostaíthe inphinsin sa tseirbhís phoiblí, agus iarfhostaithe inphinsin a bheidh ag filleadh ar an tseirbhís phoiblí i ndiaidh bhriseadh breis agus 26 seachtain, a ceapadh ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013 ina mball de Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

- I gcás iarfhostaithe páirtaimseartha sa tseirbhís phoiblí a bhí ar scor roimh dháta na hImlitreach seo, caithfear na ‘cúl’ ranníocaíochtaí a íoc ag an am a roghnaítear isteach sa scéim pinsin.
  - D’fhostaí atá fós sa tseirbhís phoiblí, beidh fáil ar na socrúithe maidir le híocaíocht na ‘gcúl’ ranníocaíochtaí mar seo a leanas:
    - Íocaíocht ar ais trí hasbhaintí tréimhsiúla thar thréimhse a aontaíonn an fostóir agus an fostaí gur féidir iad a láimhseáil ó thaobh airgeadais, faoi réir ag uastréimhse aisíocaíochta cúig bliana. I gcás ball páirtaimseartha nach mbíonn fostaithe do thréimhse an tsamhraidh, is féidir uasmhéid 18 mí breise a chur ar fáil mar aon leis an gcúig bliana;
    - Íocaíocht mar chnapshuim agus teastas a fháil le tabhairt chuig na Coimisinéirí Ioncaim don aisíoc ar cháin;
    - Má éiríonn an fostaí as laistigh de chúig bliana (nó, i gcás ball páirtaimseartha nach mbíonn fostaithe do mhíonna an tsamhraidh, 6.5 bliana) ón am go dtosaíonn na ranníocaíochtaí aisíocaíochta, agus nach mbíonn iomlán an dliteanais neamhíochta scaoilte faoin dáta scoir, cuirfear é i gcoinne aon chnapshuim a bhíonn le híoc ag an am scoir, bunaithe ar na rátaí íocaíochta atá luaite in alt 37(a) d’Imlitir 0025/2008;
    - Má théann an fostaí ar scor breis agus cúig bliana (nó, i gcás ball páirtaimseartha nach mbíonn fostaithe do mhíonna an tsamhraidh, 6.5 bliana) ón am go dtosaíonn na ranníocaíochtaí aisíocaíochta, agus nach mbíonn iomlán an dliteanais neamhíochta scaoilte faoin uastréimhse aisíocaíochta, socrófar an dliteanas a bhíonn gan íoc bunaithe ar an tuarastal /na rátaí RPS a bhaineann ar dháta na híocaíochta. Muna mbíonn iomlán an dliteanais neamhíochta íochta faoin dáta scoir, cuirfear é i gcoinne aon chnapshuim a bhíonn le híoc ag an am scoir (bunaithe ar an tuarastal agus na rátaí RPS a bhaineann ar an dáta sin).
11. Caithfidh Boird Oiliúna Oideachais agus Institiúidí Teicneolaíochta socrúithe a dhéanamh anois d’fhostaithe chun “cúl ranníocaíochtaí” a íoc mar atá in Alt 10 muna ndearnadh na ranníocaíochtaí pro-rata a asbhaint i gceart do bhaill de Scéim Aoisliúntais na nGairm-Mhúinteoirí agus de Scéim Aoisliúntais an Earnáil Oideachais.
12. Tá teimpléid curtha ar fáil do Bhoird Oiliúna Oideachais agus d’Institiúidí Teicneolaíochta chun cuidiú na sochair pinsean leasaithe agus na ranníocaíochtaí pinsean a áireamh.
13. Cé go dtuigtear go leagann lán chur i bhfeidhm na himlitreach seo d’fhostaithe incháilithe páirtaimseartha agus d’fhostaithe incháilithe atá ar scor dualgas casta riaracháin ar Bhoird Oiliúna Oideachais agus ar Institiúidí Teicneolaíochta, tá sé riachtanach go mbíonn na roghanna déanta ag gach fostaí incháilithe agus ag gach iarfhostaí incháilithe faoi **31 Márta 2016**. **Ní cheadófar síneadh leis an scála ama seo.**

A Killian  
 Príomhoifigeach  
 Aonad Pinsean  
 An Roinn Oideachais agus Scileanna  
 Áth Luain  
 Co na hIarmhí  
 1 Meán Fómhair, 2014

**SCÉIM AOISLIÚNTAIS NA nGAIRMHÚINTEOIRÍ**  
**nó**  
**SCÉIM AOISLIÚNTAIS AN EARNÁIL OIDEACHAIS**

**Rogha ag fostaithe páirtaimseartha sa tseirbhís phoiblí (baill den Scéim reatha)**  
**maidir leis an Scéim Leasaithe**

*NB: Ba chóir an Fhoirm seo a chomhlánú ag Codanna A nó B agus í a chuir ar ais chuig an BOO/Institiúid ar a dhéanaí faoi*

**[Cuir isteach an dáta] 2014**

Ainm ..... Dáta Breithe .....

UPSP Uimhir .....

**CUID A**

Líon isteach an chuid seo **más mian leat dul isteach ar** an Scéim Leasaithe a dtagraítear di in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008.

Tá an t-eolas atá in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008 léite agam agus tá aird tugtha agam ar a bhfuil iontu. Dearbhaím anseo go bhfuilim mar bhall cheana féin den Scéim Aoisliúntais agus gur mian liom dul isteach sa Scéim mar atá leasaithe in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008.

Tuigim/glacaim leis, faoin Scéim Leasaithe, go mbeidh orm rannócaíochtaí aoisliúntais a íoc ar bhonn pro rata don chomhionann lánaimseartha de mo thuarastal páirtaimseartha, maidir le seirbhís páirtaimseartha sa todhchaí agus maidir le haon seirbhís páirtaimseartha ináirithe ar aon, ar a n-áirítear seirbhís ina bhfuil rannócaíochtaí íoctha cheana féin faoin gcur chuige atá ann cheana. Maidir lena leithéid de sheirbhís pháirtaimseartha, tuigim/glacaim leis go mbeidh an bhearna le hÍoc agam idir aon rannócaíochtaí atá íoctha cheana féin agus na rannócaíochtaí a bheadh íoctha ag an am sin dá mbeadh an suimeáil déanta ar bhonn pro rata, mar atá in Imlitir 025/2008.

Tuigim, má tharlaíonn go dtéim ar scor ón tseirbhís pháirtaimseartha, go ndéanfar na sochair a bheidh agam ón Scéim Leasaithe a áireamh trí thagairt don chomhionann lánaimseartha de mo thuarastal páirtaimseartha agus an tseirbhís go díreach a oibríodh, léirithe mar chionúireacht den fhreastal lánaimseartha. Tuigim freisin, de réir mar atá sa Sampla atá tugtha in Imlitir 0025/2008, go gcuirfeair i bhfeidhm cur chuige comhtháite leasaithe nuair a bhíonn mo phinsean á áireamh.

**Tuigim agus glacaim leis nach féidir rogha a bhíonn déanta a tharraingt siar ná a leasú.**

Dáta ..... Sínithe .....

**CUID B**

Líon isteach an chuid seo muna bhfuil Cuid A líonta isteach agat i.e. **munar mian leat dul isteach sa** Scéim Leasaithe a ndéantar tagairt di in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008.

Tá an t-eolas atá in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008 léite agam agus tá aird tugtha agam ar a bhfuil iontu. Dearbhaím anseo go bhfuilim mar bhall den Scéim Aoisliúntais agus nach mian liom dul isteach sa Scéim mar atá leasaithe in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008.

Tuigim/glacaim leis, mar thoradh ar an dearbhú seo, go ndéanfar mo shochair má tharlaíonn go dtéim ar scor ó obair pháirtaimseartha, a áireamh bunaithe ar mo thuarastal páirtaimseartha deiridh (é seo curtha in oiriúint do na héagsúlachtaí sa tseirbhís pháirtaimseartha gach bliain). Tuigim freisin nach gcuirfeair i bhfeidhm an cur chuige comhtháite leasaithe mar atá leagtha amach in Aguisín 1 (gráid oifigeach) ná in Aguisín 3 (gráid neamhoifigeach) d'Imlitir 0025/2008 nuair a bhíonn mo phinsean á áireamh.

**Tuigim agus glacaim leis nach féidir rogha a bhíonn déanta a tharraingt siar ná a leasú.**

Dáta ..... Sínithe .....

**TÁBHACHTACH:** Muna ndéantar an fhoirm seo maidir le rogha a shíniú agus a chur ar ais faoin spriocdháta leanfaidh an socrú pinsin atá ann faoi láthair. Ní bheidh aon deis eile chun dul isteach sa socrú pinsin leasaithe.

**SCÉIM AOISLIÚNTAIS NA nGAIRMHÚINTEOIRÍ**  
**nó**  
**SCÉIM AOISLIÚNTAIS AN EARNÁIL OIDEACHAIS**

**Rogha ag fostaithe páirtaimseartha sa tseirbhís phoiblí (nach baill iad den Scéim Aoisliúntais)**  
**maidir leis an Scéim Leasaithe**

*NB: Ba chóir an Fhoirm seo a chomhlánú ag Codanna A nó B agus í a chuir ar ais chuig an BOO/Institiúid ar a dhéanaí faoi*

**[Cuir isteach an dáta] 2014**

Ainm ..... Dáta Breithe .....

UPSP Uimhir .....

**CUID A**

Líon isteach an chuid seo **más mian leat dul isteach ar** an Scéim Aoisliúntais.

Tá an t-eolas atá in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008 léite agam agus tá aird tugtha agam ar a bhfuil iontu. Dearbhaím anseo nach bhfuilim mar bhall den Scéim Aoisliúntais cheana féin agus gur mian liom anois dul isteach sa Scéim (mar atá leasaithe in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008). Tuigim go mbeidh an cheist faoi mo cháilitheacht chun dul isteach sa Scéim mar ghnó don BOO/Institiúid a fhostaíonn mé ach, muna n-aontaím leis an gcinneadh sin, gur féidir liom iarratas a dhéanamh do chinneadh trí chur chuige na Réiteach Díospóide Inmheánach atá ag feidhmiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tuigim/glacaim leis, faoin Scéim Leasaithe, go mbeidh orm ranníocaíochtaí aoisliúntais a íoc ar bhonn pro rata don chomhionann lánaimseartha de mo thuarastal páirtaimseartha, maidir le haon seirbhís pháirtaimseartha ináirithe agus maidir le haon iarsheirbhís pháirtaimseartha ináirithe.

Tuigim, má tharlaíonn go dtéim ar scor ón tseirbhís pháirtaimseartha, go ndéanfar na sochair a bheidh agam ón Scéim Leasaithe a áireamh trí thagairt don chomhionann lánaimseartha de mo thuarastal páirtaimseartha deiridh agus ón tseirbhís go díreach a oibríodh, léirithe mar chionúireacht den fhreastal lánaimseartha. Tuigim freisin, de réir mar atá sa Sampla atá tugtha in Imlitir 0025/2008, go gcuirfear i bhfeidhm cur chuige comhtháite leasaithe nuair a bhíonn mo phinsean á áireamh.

**Tuigim agus glacaim leis nach féidir rogha a bhíonn déanta a tharraingt siar ná a leasú.**

Dáta ..... Sínithe .....

**CUID B**

Líon isteach an chuid seo muna bhfuil Cuid A líonta isteach agat i.e. **munar mian leat dul isteach sa** Scéim Aoisliúntais.

Tá an t-eolas atá in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008 léite agam agus tá aird tugtha agam ar a bhfuil iontu. Dearbhaím anseo nach bhfuilim i mo bhall den Scéim Aoisliúntais agus nach mian liom dul isteach sa Scéim (mar atá leasaithe in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008).

Tuigim/glacaim leis mar thoradh ar an dearbhú seo gur é an sochar a bheidh agam ó m'fhostóir BOO/Institiúide, má tharlaíonn go dtéim ar scor ón bhfostaíocht atá agam faoi láthair, ná íocaíocht ar aisce neamh-inphinsin (ar an gcoinníoll go sásaím na coinníollacha a ghabhann lena leithéid d'íocaíocht).

**Tuigim agus glacaim leis nach féidir rogha a bhíonn déanta a tharraingt siar ná a leasú.**

Dáta ..... Sínithe .....

**TÁBHACHTACH:** Muna ndéantar an fhoirm seo maidir le rogha a shíniú agus a chur ar ais faoin spriocdháta glactar leis gur roghnaigh tú gan dul isteach sa scéim Aoisliúntais. Ní bheidh aon deis eile chun dul isteach sa scéim Aoisliúntais.

**SCÉIM AOISLIÚNTAIS NA nGAIRMHÚINTEOIRÍ**  
**nó**  
**SCÉIM AOISLIÚNTAIS AN EARNÁIL OIDEACHAIS**

**Rogha ag roinnt fostaithe páirtaimseartha sa tseirbhís phoiblí (baill den Scéim reatha nuair a chuaigh siad ar scor) maidir leis an Scéim Leasaithe**

*NB 1: Tá rogha ar fáil d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí ata imithe ar scor ó 1 Aibreán 1996 (gráid neamh-oifigeach) nó 1 Meán Fómhair 2001, (fostaithe acadúla sa tseirbhís phoiblí) nó 1 Meán Fómhair 2001, (gráid oifigeach, seachas acadúil).*

*NB 2: Ba chóir an Fhoirm seo a chomhlánú ag Codanna A nó B agus í a chuir ar ais chuig an BOO/Institiúid ar a dhéanaí faoi*

**[Cuir isteach an dáta] 2014**

Ainm ..... Dáta Breithe .....

UPSP Uimhir .....

**CUID A**

Líon isteach an chuid seo **más mian leat dul isteach ar** an Scéim Leasaithe a dtagraítear di in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008.

Tá an t-eolas atá in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008 léite agam agus tá aird tugtha agam ar a bhfuil iontu. Dearbhaím anseo go raibh mé mar bhall den Scéim Aoisliúntais ag am mo scoir agus gur mian liom dul isteach sa Scéim mar atá leasaithe in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008.

Tuigim/glacaim leis, faoin Scéim Leasaithe, go mbeidh orm ranníocaíochtaí aoisliúntais a íoc ar bhonn pro rata don chomhionann lánaimseartha de mo thuarastal páirtaimseartha, maidir le haon seirbhís páirtaimseartha ináirithe, ar a n-áirítear seirbhís ina bhfuil ranníocaíochtaí íoctha cheana féin faoin gcur chuige atá ann cheana. Maidir lena leithéid de sheirbhís pháirtaimseartha, tuigim/glacaim leis go mbeidh an bhearna le híoc agam idir aon ranníocaíochtaí atá íoctha cheana féin agus na ranníocaíochtaí a bheadh íoctha ag an am sin dá mbeadh an suimeáil déanta ar bhonn pro rata, mar atá in Imlitir 025/2008.

Tuigim go ndéanfar na sochair a bheidh agam ón Scéim Leasaithe a áireamh trí thagairt don chomhionann lánaimseartha de mo thuarastal páirtaimseartha agus don tseirbhís go díreach a oibríodh, léirithe mar chionúireacht den fhreastal lánaimseartha. Tuigim freisin, de réir mar atá sa Sampla atá tugtha in Imlitir 0025/2008, go gcuirfeair i bhfeidhm cur chuige comhtháite leasaithe nuair a bhíonn mo phinsean á áireamh.

**Tuigim agus glacaim leis nach féidir rogha a bhíonn déanta a tharraingt siar ná a leasú.**

Dáta ..... Sínithe .....

**CUID B**

Líon isteach an chuid seo muna bhfuil Cuid A líonta isteach agat i.e. **munar mian leat dul isteach sa** Scéim Leasaithe a ndéantar tagairt di in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008.

Tá an t-eolas atá in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008 léite agam agus tá aird tugtha agam ar a bhfuil iontu. Dearbhaím anseo nach mian liom dul isteach sa Scéim mar atá leasaithe in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008.

**Tuigim agus glacaim leis nach féidir rogha a bhíonn déanta a tharraingt siar ná a leasú.**

Dáta ..... Sínithe .....

**TÁBHACHTACH:** Muna ndéantar an fhoirm seo maidir le rogha a shíniú agus a chur ar ais faoin spriocdháta leanfaidh an socrú pinsin atá ann faoi láthair. Ní bheidh aon deis eile chun dul isteach sa socrú pinsin leasaithe.

**SCÉIM AOISLIÚNTAIS NA nGAIRMHÚINTEOIRÍ**  
**nó**  
**SCÉIM AOISLIÚNTAIS AN EARNÁIL OIDEACHAIS**

**Rogha ag fostaithe páirtaimseartha sa tseirbhís phoiblí (nach raibh mar bhall den Scéim Aoisliúntais nuair a chuaigh siad ar scor) maidir leis an Scéim Leasaithe**

*NB 1: Tá rogha ar fáil d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí ata imithe ar scor ó 1 Aibreán 1996 (gráid neamh-oifigeach) nó 1 Meán Fómhair 2001, (gráid oifigeach).*

*NB 2: Ba chóir an Fhoirm seo a chomhlánú ag Codanna A nó B agus í a chuir ar ais chuig an BOO/Institiúid ar a dhéanaí faoi*

**[Cuir isteach an dáta] 2014**

Ainm ..... Dáta Breithe .....

UPSP Uimhir .....

**CUID A**

Líon isteach an chuid seo **más mian leat dul isteach sa** Scéim Aoisliúntais.

Tá an t-eolas atá in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008 léite agam agus tá aird tugtha agam ar a bhfuil iontu. Dearbhaím anseo nach raibh mé mar bhall den Scéim Aoisliúntais ag am mo scoir agus gur mian liom anois dul isteach sa Scéim (mar atá leasaithe in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008). Tuigim go mbeidh an cheist faoi mo cháilitheacht chun dul isteach sa Scéim mar ghnó don BOO/Institiúid a fhostáinn mé ach, muna n-aontaím leis an gcinneadh sin, gur féidir liom iarratas a dhéanamh do chinneadh trí chur chuige na Réiteach Díospóide Inmheánach atá ag feidhmiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tuigim/glacaim leis, faoin Scéim Leasaithe, go mbeidh orm ranníocaíochtaí aoisliúntais a íoc ar bhonn pro rata don chomhionann lánaimseartha de mo thuarastal páirtaimseartha, maidir le haon seirbhís pháirtaimseartha ináirithe.

Tuigim freisin má tharla, in ionad inphinseanacht, go bhfuair mé cheana féin luach saothair nó sochair breise, go mbeidh orm na méideanna sin a aisíoc.

Tuigim go ndéanfar na sochair a bheidh agam ón Scéim Leasaithe a áireamh trí thagairt don chomhionann lánaimseartha de mo thuarastal páirtaimseartha agus don tseirbhís go díreach a oibríodh, léirithe mar chionúireacht den fhreastal lánaimseartha. Tuigim freisin, de réir mar atá sa Sampla atá tugtha in Imlitir 0025/2008, go gcuirfeair i bhfeidhm cur chuige comhtháite leasaithe nuair a bhíonn mo phinsean á áireamh.

**Tuigim agus glacaim leis nach féidir rogha a bhíonn déanta a tharraingt siar ná a leasú.**

Dáta ..... Sínithe .....

**CUID B**

Líon isteach an chuid seo muna bhfuil Cuid A líonta isteach agat i.e. **munar mian leat dul isteach sa** Scéim Aoisliúntais.

Tá an t-eolas atá in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008 léite agam agus tá aird tugtha agam ar a bhfuil iontu. Dearbhaím anseo nach mian liom dul isteach sa Scéim (mar atá leasaithe in Imlitreacha 0062/2014 agus 0025/2008).

**Tuigim agus glacaim leis nach féidir rogha a bhíonn déanta a tharraingt siar ná a leasú.**

Dáta ..... Sínithe .....

**TÁBHACHTACH:** Muna ndéantar an fhoirm seo maidir le rogha a shíniú agus a chur ar ais faoin spriocdháta glacfar leis gur roghaigh tú gan dul isteach sa scéim Aoisliúntais. Ní bheidh aon deis eile chun dul isteach sa scéim Aoisliúntais.